Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

Rathgael House
43 Balloo Road
Rathgill
Bangor
BT19 7PR

Ábhar:

Uimhir Chiorcláin 2011/17
Dáta Eisithe: 1 Meán Fómhair 2011

RÁTA PÁ DO MHÚINTEOIRÍ AR LUATHSCOR

Sprioclucht léite:

- Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Múinteoirí i Scoileanna Deontaschúnta;
- Boird Gobharnóirí Scoileanna Deontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Thuaisceart Éireann an Oideachais Imeasctha;
- Cumann na bhForas Gobharnóireachta; agus
- Ceardchumainn Múinteoirí

Achoimre Ábhair:

Athrú ar Rátaí Tuarastail

Tugann an cinneadh iniata éifeacht dlí do ráta nua pá ó 1 Meán Fómhair 2011 do mhúinteoirí ar luathscor a athfhostaítear.

Fiosruithe:
Ba chóir fiosruithe ar bith faoi ábhar an Chiorcláin seo a sheoladh chuig:

Martin Thompson
Brainse Idirbheartaíochta Múinteoirí agus Polasaí Pinsin
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Ráth Gaill
BEANNCHAR
BT19 7PR

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle/Eolas d'
Údaráis Fostaíochta,
Boird Gobharnóirí,
Príomhoidí,
Leas-Phríomhoidí
agus Múinteoirí

Doiciméid Bhainteacha:
Ciorcláin RO 2003/5
2006/17
2006/27
2010/19

Doiciméid Chealaithe:
Doiciméad ar bith

Dáta Éaga:
Ní bainteach

Suíomh Idirlín ROTÉ:
http://www.deni.gov.uk

INVESTORS
IN PEOPLE

CINNEADH

Faoi réir fhorálacha Alt 69(1) agus (6) den Ordú (Tuaisceart Éireann) Oideachais agus Leabharlann 1986, tá cinneadh déanta ag an Roinn Oideachais, le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2011, gur Pointe 1 ar Phríomh-Scála Pá na múinteoirí an tuarastal a íocfar le múinteoirí ar luathscor a athfhostaítear i scoileanna deontaschúnta.

I dtaca leis an chinneadh seo de, sainmhínítear múinteoir ar luathscor mar mhúinteoir ar tugadh luathscor dó nó di mar iomarcaíocht nó le go ndéanfar leas fheidhm an fhostóra go héifeachtach agus a fuair cúiteamh lánroghnach i bhfoirm creidmheas breise seirbhíse ("blianta breise").

Ní bhaineann an cinneadh seo le múinteoirí ar luathscor athfhostaithe a fostaíodh go díreach roimh 1 Meán Fómhair 2011 faoi chonradh buan, chomh fada is a bhíonn siad fostaithe faoin chonradh sin.